

Ráiteas Cumhdaigh Leanaí Choláistí Chorca Dhuibhne

Cuireann Coláistí Chorca Dhuibhne ('CCC') Cúrsaí Gaelainne trí seachtaine ar fáil i nGaeltacht Chorca Dhuibhne do scoláirí idir 11 agus 21 bliain d'aois.

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus Treoir Tusla maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a chur le chéile, dearbhaíonn Stiúrthóir CCC leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo –

1. Gurb é an Teagmhálaí Ainmnithe ná: Páidí Ó Sé
2. Gurb í/é an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe ná: An Príomhoide
3. Go gcinntíonn Stiúrthóir CCC go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leanaí lárnach i ngach gné d'imeachtaí CCC agus nach mór é sin a léiriú i ngach ceann de pholasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí CCC. Chomh maith lena bpolasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh CCC leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí.

Prionsabail chun cumhdach leanaí a chur i bhfeidhm

Léirítear sa ráiteas seo gurb iad leas agus sláinte na leanaí an ghné is tábhachtaí i ngach cúinse. Beag beann ar inscne, stádas pósta, stádas clainne, claonadh gnéis, reiligiún, aois, míchumas, cine ná ballraíocht den lucht taistil, is eispéireas dearfach a bhíonn ag gach leanbh i dtimpeallacht shábháilte Choláistí Chorca Dhuibhne, atá dírithe ar shábháilteacht an linbh.

Tá sé mar aidhm ag an gColáiste na leanaí a choimeád saor ó bhulaíocht agus iad ag baint feidhm as seirbhísí an Choláiste. Cinntíonn an Coláiste go ndéantar athbhreithniú ar an bpolasaí bulaíochta gach dara bliain.

Déanfaidh Coláistí Chorca Dhuibhne na rudaí seo a leanas:

- Glacfaidh sé leis go bhfuil cosaint leanaí agus leas leanaí an-tábhachtach.
- Obair go hiomlán de réir na ndualgas reachtúil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus reachtaíocht eile a bhaineann le tús áite a thabhairt do shábháilteacht linbh.
- Obair i ndlúthchomhar leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint agus leas leanaí.
- Gnásanna sábháilte a ghlacadh chugainn féin aon bhaol go dtarlódh díobháil nó timpiste do leanbh a mhaolú agus an lucht oibre a chosaint ó dhrochúsáid nó faillí ina leith más gá.
- Caithfear urraim agus meas ar riachtanais phríobháideachais a léiriú is sinn ag plé cúrsaí cosanta leanaí.

Measúnú Riosca

<u>An Riosca</u>	<u>Polasaithe i bhfeidhm chun plé leis an Riosca</u>
Riosca díobhála de bharr bulaíochta	Tá Beartas Frithbhulaíochta an Choláiste i bhfeidhm
Riosca ionsaí gnéis ar leanbh (atá leagtha amach san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) ó bhall den fhoireann nó oibrí deonach	Polasaí Cumhdaigh Leanaí; Déanfar grinnfhiosrúcháin ar gach oibrí deonach agus oiliúint riachtanach reachtúil i gCumhdach Leanaí. Cuirfear athoilúint agus grinnfhiosrúcháin ar gach duine fásta gach trí bliana.

Riosca díobhála fisiciúla/síceolaíochta/mothúchánaí (maidir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) ar leanbh ó bhall foirne/oibrí deonach	Cód dea-chleachtais.
Riosca díobhála agus drochíde as baile i rith an chúrsa	Cód dea-chleachtais.
Riosca díobhála ar líne trí na meáin shóisialta	Polasaí sábháilteachta ar líne curtha i bhfeidhm thar na gréasáin meán sóisialta ar fad (cód dea-chleachtais). Níl cead ag na daltaí fóin phóca a bheith acu ach uair a chloig sa ló.

Cloífidh CCC leis na prionsabail thuas

4. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm sa Choláiste:

- I gcás ball ar bith den bhfoireann is ábhar d’iniúchadh ar bith (pé slí a dtuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse i leith leanbh atá ag freastal ar an gColáiste, cloíonn CCC leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i bpolasaithe CCC.
- Maidir le ceapadh ball foirne agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn an Coláiste le riachtanais reachtúla ghrinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus leis na teoracha maidir leis an dualgas cúraim atá leagtha amach sna ciorcláin ábhartha de chuid an Gharda a bhaineann le grinnfhiosrúchán agus earcaíocht agus atá foilsithe ag an ROE agus le fáil ar shuíomh gréasáin an ROE. Bíonn ar gach duine an Cúrsa ‘Children First Training’ a bheith críochnaithe acu.
- Maidir le soláthar an eolais agus sonraí pearsanta agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna don lucht foirne chun dul i ngleic le haon díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) arna tarlú, tá na nithe seo a leanas déanta ag an gColáiste –
 - Thug an Coláiste Cóip de Ráiteas an Choláiste maidir le Cumhdach Leanaí do gach ball den bhfoireann
 - Tugann an Coláiste cóip de Ráiteas an Choláiste maidir le Cumhdach Leanaí do gach ball nua den bhfoireann
 - Caithfidh gach ball foirne teastas ‘Children First Training’ a chur ar fáil do lucht bainistíochta CCC
 - Coimeádann Stiúrthóir CCC taifid d’aon oiliúint a chuirtear ar an lucht foirne.
- I dtaobh cosaint leanaí a thuairisciú do Tusla, caithfidh gach ball foirne agus muintir na dtithe áitiúla, cloí leis na nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Maidir le haon ráiteas i dtaobh cosaint leanaí, tá an Teagmhálaí Ainmnithe thuasluaite ceaptha ag an mbord mar an ‘duine cuí’ (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) agus a bheidh mar an chéad duine teagmhála i leith aon ráitis den sórt sin.
- Daoine sainordaithe is ea gach múinteoir cláraithe atá fostaithe ag CCC, chomh maith le Bainisteoirí agus Stiúrthóirí CCC, faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnacht curtha i gcrích ag na Stiúrthóirí maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fhéideartha ar bith do scoláire ag freastal ar Choláistí Chorca Dhuibhne. Tá measúnacht scríofa leis seo ina leagtar amach na réimsí riosca a sonraíodh agus nósanna imeachta CCC chun na rioscaí sin a bhainistiú mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.

5. Tugtar an ráiteas seo do gach ball foirne sa Choláiste agus do gach Bean agus Fear Tí a mbíonn scoláirí de chuid an Choláiste ag fanacht sa tigh acu. Tá sé ar fáil do thuismitheoirí agus caomhnóirí. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn ar líne.
6. Athbhreithneofar an Ráiteas ar Chumhdach Leanaí go bliantúil nó nuair is riachtanach athrú ábhartha a dhéanamh ar an ráiteas.
7. Forbraíodh ár bpolasáí Cumhdaigh Leanaí faoi threoir riachtanais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus Treoir Tusla. Daingnítear sna polasaithe thuasluaite leis go gcaithfidh Cumhdach Leanaí a bheith lárnach, mar atá, d'aon leanbh atá ag baint leas as seirbhísí a chuireann Coláistí Chorca Dhuibhne ar fáil.

Ghlac Stiúrthóirí Choláistí Chorca Dhuibhne leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar an 15 Bealtaine 2026.